


Gníomhaíocht Daltaí: An coibhneas a iniúchadh idir fad slios cearnóige agus achar na cearnóige

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'achar cearnóige', ar CD an Dalta.




1. Fad slios amháin atá i gcolún 1. Scríobh an figiúr don achar i gcolún 2 den tábla:

Fad slios cearnóige	Achar na cearnóige
1	
2	
3	
4	
5	

2. Marcáil ar an ngraf na pointí a fuair tú sa tábla i gceist 1.

Achar na
cearnóige



Fad an tsleasa

3. Má tá slios cearnóige = 0, céard é achar na cearnóige? Mínigh do fhreagra.
Cuir an pointe sin ar an ngraf i gceist 2.

4. Ceangail na pointí ar do ghraf. Cén cruth atá ar an ngraf? (Cuimhnigh nach bhfuil ach luachanna deimhneacha agat ar x).
Seiceáil é leis an gcomhad idirghníomhach. (Bog an sleamhnóir go mall, agus léigh na luachanna ar x agus y agus tú á bhogadh).

5. An bhfuil tú in ann a rá (nó a thuar) ó do ghraf cén t-achar a bheidh sa chearnóg más fad 3.1 atá i slios na cearnóige? Cén chaoi a ndearna tú an tuar sin?

6. An raibh do fhreagra i gceist 5 ag teacht leis an gcomhad idirghníomhach?

7. Oibrigh amach ón gcomhad idirghníomhach an fad a bheidh i slios cearnóige, más é 10.24 achar na cearnóige.

8. An athraíonn an t-achar ar ráta tairiseach? Is é sin, an tairiseach atá i ráta athraithe an achair? Cá bhfios duit ón tábla? Cá bhfios duit ón ngraf?

9. Cén coibhneas atá idir fad an tsleasa (x) agus an t-achar (y)? Scríobh an coibhneas sin mar chothromóid mhatamaiticiúil.
